Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12239/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0230(NLE)**

**ECOFIN 1060**
**UEM 378**
**FIN 1122**
***EIB***
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021**
**maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Chróit an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 8 Iúil 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 28 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], an 20 Meitheamh 2025[4] agus an 13 Samhain 2025[5].

(2) An 9 Iúil 2026, rinne an Chróit iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach go páirteach a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an gCróit.

***Leasuithe atá bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean a chuir an Chróit isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 34 bheart.

---

2 Féach doiciméid ST 10687/21 agus ST 10687/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

3 Féach doiciméid ST 15834/23, ST 15834/23 COR 1, agus ST 15834/23 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

4 Féach doiciméid ST 9586/25 agus ST 9586/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

5 Féach doiciméid ST 14448/25 agus ST 14448/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Chróit go bhfuil beart amháin ann nach féidir a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar an easpa éilimh. Baineann an méid sin le beart C7.1 I2 (Beart méadaithe: Clár cómhaoinithe chun feithiclí breosla mhalartaigh nua a cheannach agus chun bonneagair breoslaí mhalartaigh a fhorbairt in iompar de bhóthar). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit go mbainfí an beart sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Mhínigh an Chróit go bhfuil beart amháin ann nach féidir a bhaint amach go páirteach a thuilleadh i ngeall ar an easpa éilimh. Baineann an méid sin le beart C7.1 R1-I1 (Úsáid hidrigine agus teicneolaíochtaí nua). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Mhínigh an Chróit go bhfuil beart amháin ann nach féidir a bhaint amach go páirteach a thuilleadh i ngeall ar bhoilsciú ard agus ar chostais mhéadaithe. Baineann an méid sin le beart C1.4 R3-I1 (Clár nuachóirithe do chalafoirt atá oscailte do thrácht poiblí). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Mhínigh an Chróit nach féidir beart amháin a bhaint amach go páirteach a thuilleadh i ngeall ar scrogaill agus ar ghanntanais lucht saothair in earnáil na tógála. Baineann an méid sin le beart C3.1. R1-I4 (Tógáil, uasghrádú, atógáil agus feistiú bunscoileanna le haghaidh teagasc seala aonair lánaimseartha). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Mhínigh an Chróit go bhfuil dhá bheart leasaithe chun an bhonnlíne a choigeartú chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann an méid sin le beart C2.5 R1 (Éifeachtúlacht an chórais cheartais a mhéadú chun muinín na saoránach a mhéadú) agus beart C4.3.R1 (Trédhearcacht agus leordhóthanacht na sochar sóisialta sa chóras cosanta sóisialta). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(9) Mhínigh an Chróit go bhfuil 32 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cur chun feidhme Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann an méid sin le beart C1.1.1. R4-I2 (Ionstraim airgeadais do micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide), beart C1.1.1. R4-I3 (Ionstraim airgeadais le haghaidh fiontair mheánchaipitlithe agus fiontair mhóra), beart C1.1.1. R4-I4 (Ionstraim airgeadais le haghaidh eintitis earnála poiblí), beart C1.1.1. R5-I1 (Infheistíocht in ionstraimí airgeadais cothromais agus cuasachothromais), beart C1.1.1-R6-I2 (Córas seiceála fíricí sna meáin agus córas nochta phoiblí a bhunú), beart C1.1.2 R2-I2 (Infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht bainistíochta fiontar beag agus meánmhéide), beart C1.1.2 R3-I3 (Deontais le haghaidh digiteálacha), beart C1.2. R1-I1 (An córas fuinnimh a athdhaingniú, a thógáil agus a dhigitiú agus tacú leis an mbonneagar chun an earnáil fuinnimh a dhícharbónú), beart C1.4. R1-I5 (Faireachán ar Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (e-ADR)), beart C1.4. R2-I3 ('Scrogaill' a bhaint ar bhonneagar iarnróid), beart C1.4. R2-I6 (Úsáid teicneolaíochtaí glasa in iompar paisinéirí d'iarnród), beart C1.4. R2-I7 (Nuachóiriú na gcóras TF), beart C1.4. R5-I3 (Clár chun feithiclí breosla mhalartaigh nua a cheannach), beart C1.5 R1-I1 (Ionaid lóistíochta agus dáileacháin le haghaidh torthaí agus glasraí a thógáil), beart C1.5 R1-I2 (Seasamh agus infheictheacht na dtáirgeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú), beart C1.5 R3-I2 (Talmhaíocht Chliste), beart C2.4 R5 (Bainistiú maoine atá faoi úinéireacht an Stáit a bharrfheabhsú), beart C2.5 R1-I6 (Bonneagar TF cobhsaí athléimneach don Chóras Faisnéise Ceartais), beart C2.6 R3 (Rialachas corparáideach a fheabhsú i gcuideachtaí faoi úinéireacht tromlaigh na n-aonad rialtais áitiúil agus réigiúnach), beart C3.1 R1-I2 (Tógáil, uasghrádú, atógáil agus feistiú bunscoileanna le haghaidh teagasc seala aonair lánaimseartha), beart C5.1. R2-I1 (Trealamh chun ailse a chosc, a dhiagnóisiú agus a chóireáil i gcomhair othar),

beart C5.1. R3-I1 (Cistiú lárnach le haghaidh speisialtóireachtaí), beart C5.1 R4-I5 (Córas faireacháin ar thorthaí cóireála a thabhairt isteach le haghaidh cúram othar seachtrach agus béim á cur ar othair ainsealacha i gcógaslanna poiblí), beart C5.1 R1-I2 (Aonaid chúraim shoghluaiste), beart C5.1 R2-I2 (Trealamh a fháil agus a chur chun feidhme chun an Líonra Oinceolaíoch Náisiúnta agus an Bunachar Sonraí Oinceolaíoch Náisiúnta a bhunú), beart C6.1.R2 (Creat a fhorbairt chun scileanna leordhóthanacha a áirithiú i gcomhthéacs na bpost glas is gá le haghaidh atógáil i ndiaidh creatha talún), beart C7.1. R1-I1 (Úsáid hidrigine agus teicneolaíochtaí nua), beart C7.1. I1 (Beart méadaithe: Soláthar feithiclí breosla mhalartaigh le haghaidh iompar rialta poiblí uirbeach agus fo-uirbeach), beart C7.1. R1-I4 (Úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite a neartú san iompar agus sa téamh), beart C7.1. R1-I6 (Acmhainneachtaí tarchurtha agus dáileacháin an líonra leictreachais a neartú), beart C7.1 I3 (Acmhainneacht an chríochfoirt GNL ar oileán Krk a mhéadú agus an bonneagar gáis a neartú) agus beart C7.1 I4 (Soláthar feithiclí breosla mhalartaigh le haghaidh iompar rialta poiblí uirbeach agus fo-uirbeach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(10) Tar éis beart amháin a bhaint agus leibhéal cur chun feidhme thrí bheart eile a ardú, d'iarr an Chróit, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, na hacmhainní a úsáid a saoradh leis na bearta a bhaint agus a leibhéal a gcur chun feidhme a ísliú chun beart amháin nua a chur isteach agus leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a ardú. Baineann an méid sin le beart C1.4 R3-I1 (Clár nuachóirithe do chalafoirt atá oscailte do thrácht poiblí), beart C2.3 R3-I18 (Ranníocaíochtaí deonacha leis an gComhghnóthas le haghaidh Gigeamhonarchana IS nó bonneagar coibhéiseach IS), beart C3.1. R1-I4 (Tógáil, uasghrádú, atógáil agus feistiú bunscoileanna le haghaidh teagasc seala aonair lánaimseartha), beart C4.1 R3-I1 (Cur chun feidhme dearbhán le haghaidh oideachas aosach, oiliúna agus uas-scilithe), beart C4.3 R3-I4 (Ionaid cúraim do dhaoine scothaosta a thógáil agus a fheistiú (seirbhísí baile agus pobalbhunaithe agus seirbhísí institiúideacha)), beart C7.1 R1-I1 (Úsáid hidrigine agus teicneolaíochtaí nua) agus beart C7.1 I2 (Beart méadaithe: Clár cómhaoinithe chun feithiclí breosla mhalartaigh nua a cheannach agus chun bonneagair breoslaí mhalartaigh a fhorbairt in iompar de bhóthar). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a ardú agus beart nua amháin a chur isteach. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(11) Sainaithníodh 21 earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021, lena ndéantar difear do 15 chloch mhíle agus spriocanna agus do 6 bheart faoi 7 gcomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 8 Iúil 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Chróit. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an méid seo a leanas: spriocanna 65 agus 66 de bheart C1.3 R1-I1 (Infheistíochtaí breise sa chlár forbartha séarachais poiblí), sprioc 72 de bheart C1.3 R1-I2 (Clár forbartha soláthair uisce phoiblí), sprioc 79 de bheart C1.3 R1-I3 (Clár laghdaithe riosca tubaistí), spriocanna 388 agus 389 de bheart C1.3 R3-I1 (Infheistíochtaí breise sa chlár forbartha séarachais poiblí), sprioc 391 de bheart C1.3 R3-I2 (Infheistíochtaí breise sa chlár forbartha soláthair uisce phoiblí) faoi chomhchuid 1.3 (Feabhas a chur ar bhainistiú uisce agus ar bhainistiú dramhaíola), cloch mhíle 186 de bheart C2.3 R3-I6 (Infheistíocht i líonraí bonneagair faisnéise Stáit), cloch mhíle 197 de bheart C2.3 R3-I13 (Claochlú digiteach an Riaracháin Cánach), sprioc 201 de bheart C2.3 R3-I16 (Próisis sa spórt agus san áineas a dhigitiú ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach), cloch mhíle 204 de bheart C2.3 R4-I1 (Tionscadail a chur chun feidhme faoin gClár Réime Náisiúnta um Bonneagar Leathanbhanda a Fhorbairt i réimsí nach bhfuil leas tráchtála leordhóthanach san infheistíocht iontu), faoi chomhchuid 2.3 (Aistriú digiteach na sochaí agus an riaracháin phoiblí), sprioc 209 de bheart C2.4 R3 (Acmhainneacht an duine a neartú chun faireachán a dhéanamh ar rialachas corparáideach i bhfiontair faoi úinéireacht stáit) faoi chomhchuid 2.4 (Bainistiú sócmhainní Stáit a fheabhsú),

sprioc 278 de bheart C3.2 R1-I1 (Córas comhaontuithe cláir a fhorbairt chun ollscoileanna agus institiúidí taighde a chistiú, dírithe ar nuálaíocht, taighde agus forbairt) faoi chomhchuid 3.2 (Borradh a chur faoi acmhainneacht taighde agus nuálaíochta), cloch mhíle 401 de bheart C6.1 R2 (Creat a fhorbairt chun scileanna leordhóthanacha a áirithiú i gcomhthéacs na bpost glas is gá le haghaidh atógáil i ndiaidh an chreatha talún) faoi chomhchuid 6.1 (Athnuachan foirgneamh) agus cloch mhíle 54 de bheart C7.1 R1-I1 (Úsáid hidrigine agus teicneolaíochtaí nua) faoi chomhchuid 7.1 (Fuinneamh agus iompar inbhuanaithe). Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an gcur síos ar na bearta seo a leanas freisin: infheistíocht C1.3 R3-I1 (Infheistíochtaí breise sa chlár forbartha séarachais poiblí), infheistíocht C2.3 R3-I15 (Réitigh feidhmchlár turasóireachta a chur ar bun), infheistíocht C2.3 R4-I1 (Tionscadail a chur chun feidhme faoin gClár Réime Náisiúnta um Bonneagar Leathanbhanda a Fhorbairt i réimsí nach bhfuil leas tráchtála leordhóthanach san infheistíocht iontu), infheistíocht C2.3 R3-I17 (Bunú Chlárlann an Daonra, Clann agus Teaghlach), infheistíocht C3.1 R1-I1 (Tógáil, uasghrádú, atógáil agus feistiú shaoráidí ECEC), athchóiriú C6.1 R2 (Creat a fhorbairt chun scileanna leordhóthanacha a áirithiú i gcomhthéacs na bpost glas is gá le haghaidh atógáil i ndiaidh an chreatha talún) faoi chomhchuid 1.3 (Feabhas a chur ar bhainistiú uisce agus ar bhainistiú dramhaíola), comhchuid 2.3 (Aistriú digiteach na sochaí agus an riaracháin phoiblí), comhchuid 3.1 (Athchóiriú an chórais oideachais) agus comhchuid 6.1 (Athnuachan foirgneamh). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(12) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(13) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a mhol an Chróit difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

*Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht*

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, is é 37,00 % an sciar de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe atá i gceist leis, agus is é 60,56 % an sciar atá i gceist leis maidir le costas iomlán measta na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méideanna arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021-2030.

(15) Sprioc 53 de bheart C7.1 R1-I2 (Geilleagar bunaithe ar hidrigin a bhunú) agus cloch mhíle 125 de bheart C7.1 I2 (Beart méadaithe: Maidir leis an gclár cómhaoinithe chun feithiclí breosla mhalartaigh nua a cheannach agus chun bonneagair breoslaí mhalartaigh a fhorbairt in iompar de bhóthar), baineadh iad mar gheall ar easpa éilimh. San fhoriomlán, tá laghdú an-teoranta i gceist le sprioc ghlas an phlean.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 21,84 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(17) Níl tionchar ag na leasuithe a tugadh isteach ar uaillmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú digiteach agus tá méadú beag tagtha ar an rannchuidiú foriomlán leis an aistriú digiteach ó 21,07 % go 21,84 %. Leis an bplean leasaithe, táthar ag rannchuidiú go mór leis an aistriú digiteach i gcónaí trí na nithe a leanas a dhéanamh, i measc nithe eile lena n-áirítear digiteáil an riaracháin phoiblí agus fiontar, líon na seirbhísí digiteacha do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a mhéadú, agus infheistíochtaí a dhéanamh i ríomhsheirbhísí sláinte agus i ndigiteáil na hearnála iompair

*Costáil*

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(19) Sholáthair an Chróit miondealú mionsonraithe ar chostas na gcloch míle agus na spriocanna leasaithe agus nua, le tagairtí do thionscadail chomhchosúla roimhe sin chomh maith le mínithe leordhóthanacha ar an modheolaíocht a úsáideadh chun an costas iomlán a shuí.

***Measúnú dearfach***

(20) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun cur chun feidhme an phlean leasaithe a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(21) Is é EUR 9 961 398 190 costas iomlán measta phlean leasaithe na Cróite. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Chróit, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 a leithdháiltear ar phlean leasaithe na Cróite, ba cheart gurb í EUR 5 786 544 628. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuirtear ar fáil don Chróit.

---

6 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

***Iasachtaí***

(22) Chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, cuireadh tacaíocht iasachta iomlán EUR 4 254 156 972 ar fáil don Chróit trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 21 Samhain 2023 lenar leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021. Tar éis an íslithe ar leibhéal cur chun feidhme bheart C3.1 R1-I4 (Tógáil, uasghrádú, atógáil agus feistiú bunscoileanna le haghaidh teagasc seala aonair lánaimseartha), níor iarr an Chróit údarú na hacmhainní a úsáid a saoradh chun tacú le bearta nua nó chun leibhéal cur chun feidhme na mbeart atá ann cheana laistigh den phlean téarnaimh agus athléimneachta a ardú. Tá méid chostas iomlán measta an phlean níos ísle ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don Chróit agus an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Chróit trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 21 Samhain 2023 lear leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht iasachta iomlán a chuirtear ar fáil don Chróit a laghdú go EUR 4 174 853 562.

(23) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 sin a ionadú go hiomlán.

(24) Tá an Cinneadh seo gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cróite ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite mar a leanas:

(1) in Airteagal 2a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Chróit arb ionann í agus uasmhéid EUR 4 174 853 562.’;

(2) cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Cróite.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*